

Na Carachtair:

Lisín: Is í Lisín príomh-charactar an ghearrscéil seo. Tugtar léargas (*insight*) cuimsitheach, spéisiúil dúinn ar a carachtar agus an saol atá aici. Ar an ndromchlá, (*on the surface*), is léir gur bean foirfe í. Tá fear chéile saibhir aici, tá clann sásta aici, tá na comharsana (*neighbours*) go léir in éad leí agus bíonn sí fíor gnóthach (*busy*) an t-am ar fad. Tá sí ina ball de an chuid clubanna agus eagraíochtaí, ní ar mhaithe le carthanacht (*charity*) ach ar mhaithe le go mbeadh sí céim chun tosaigh (*one step ahead of*) ar a comharsana. Ina dhiaidh sin tá sí álainn, tanaí (*thin*), galánta (*glamorous*) agus bíonn sí gléasta suas (*dressed up*) i gcónaí.

Is léir gur duine eagraithe (*organised*) í. Tá sí fiche blian pósta agus tá gach rud in ord is in eagar (*everything in order*) aici don chóisir mhór a bheidh acu. Anuas ar sin, tá sé soléir (*it is clear*) gur duine éadomhain í. (*shallow*) Cuireann sí béim ar earraí, sónna an tsaoil (*the luxuries of life*) agus ar ábharachas (*materialism*). Déanann sí faillí ar na rudaí atá i bhfad éireann níos tábhachtaí agus níos luachmhaire (*she neglects the things that are much more important and valuable*), cosúil le saol an teaghlaigh. Dá bhrí sin, tá saol clainne ag creimeadh faoin a cosa, (*family life is being eroded beneath her feet*) i ngan fhios di.

Is duine údarásch í (*authoritative*) freisin. Tá go leor stadáis agus cumhachta (*power*) aici agus tuigimid go bhfuil sí i gceannas ar na hullmhúcháin don chóisir. Caitheann sí na bríste sa chlann! Ar ndoigh, tá Pól bocht faoina hordóg (*under her thumb*). Is bean láidir í gan aon agó agus bíonn eagla ar dhaoine easaontú léi (*disagree with her*).

Pól: Nuair a bhuail Lisín le Pól bhí sé mí-aibí (*immature*) agus aineolach (*ignorant*). Bhí sé ag obair i siopa. Áfach, mhúnlaigh Lisín é (*Lisín moulded him*) agus a bhuí léi (*thanks to her*), is duine rathúil, uaimhianach, féin-dhéanta é anois (*successful, ambitious, self-made man*). Bhí dea-thionchar (*good influence*) ag Lisín air. Fear-gnó atá i mbarr a réime (*in his prime*). Oibríonn sé mar léactóir anois, tá a mhaoin déanta aige (*his fortune is made*), trí infheistíocht chliste sna stocmhargaí. Tá arasáin ceannaithe aige ar fud na hEorpa agus tá sé ag baint súip as an saol.

Ruán: Is déagóir é Ruán. Níl caidreamh maith aige lena mham. Insíonn sé di pé rud a theastaíonn uaithi a chloisteáil (*he tells her what she wants to hear*), ach ní insíonn sé an fhírinne di, mar shampla mar gheall ar strus na hairdteiste. Molann (*praises*) Lisín é go hard na spéire ach fós, cuireann sí laghmhisneach air (*she disheartens him*)

Téama: Is é saol an teaghlaigh nua-aimseartha le linn ré an tíogair cheiltigh (*celtic tiger*) téama an sliocht seo. Tarraingíonn an t-údar, Éilis ní Dhuibhne pictúir den uas-aicme (*upper class*). Níl an pictiúr seo ró-mhealltach (*attractive*) nó ró-dhearfach (*positive*). Tá an chuma ar an scéal go bhfuil gach duine gealgháireach (*cheerful*) agus go bhfuil gach rud foirfe sa domhan seo, ach má léimid idir na línte, 'ní mar a shíltear a bhítear' (*things are not as they seem*). Ní spéirbhean (*goddess*) í Lisín.

Tá an sochaí seo go huile is go hiomlán (*totally and completely*) gafa le (*obsessed with*) hábharachas. Adhraíonn said saibhreas (*they worship wealth*). Tógaimís mar shampla, tá dhá reótóir lán le bia ag Lisín don chóisir. Téann siad thar fóir leis an gcaitheachas (*they go overboard with the spending*). Áfach, cé go bhfuil said thar a bheith saibhir ó thaobh airgid de, tá siad bocht ó thaobh spiorad agus cultúr de (*spiritually and culturally poor*).

Ina dhiadh sin, le linn laethanta na meala (*the days of honey*) bhí iomaíocht (*competition*) amaideach idir gach duine. Mar shampla tá Lisín ag éagrú na cóisire seo chun an lámh in uachtar a fháil (*to get the upper hand*) ar a 'cairde'. Caitheann said a lán airgid chun sásamh sealadach (*temporary happiness*) a fháil, áfach (*however*), tréigeann said na traidisiúin (*they abandon traditions*) agus spiorad pobail. Bhí gach duine gafa lena bhféin-íomha (*self-image*) ag an am, leis. Mar shampla, bhí Lisín i gcónaí ag caitheamh gúna álainn, fiú amháin (*even*) nuair a bhí sí ag cur amach an bhosca brúscair.

Teicnící:

Aoir (Satire): Gan dabht is aoir an-ghlic (*sly*) í ar ré an tíogair cheiltigh. Tá an scríbhneoir ag déanamh cip magaidh (*laughing stock*) de Lisín agus a leithéid agus, ag an am céanna tá sí ag cáineadh an slí beatha seo (*way of life*). Tá searbhas (*sarcasm*) i gceist maidir leis an sloinne fós, 'Albright'. Is léir go bhfuil said 'albright'; go leor éirimúil, sona sásta, gan cíos, cás ná cathú orthu (*without a care in the world*). Tagaimid ar an tuiscint (*we come to understand*) nách bhfuil aon chion (*fondness*) ag an údar ar an saghas duine atá faoi chaibidil (*under discussion*) sa scéal seo.

Suíomh: Tá an aoir seo suite i mbruachbhaile saibhir (*rich suburb*) i ndeisceart Bhaile Átha Cliath. 'Ascaill na fuinnseoige' an t-ainm atá ar an tsráid. Sa cheantar seo, tá gach bean tanaí agus fionn, agus tá gach fear liath agus dorcha!